LÁRIONAD EORPACH
UM CHOSC AGUS
RIALÚ GALAR





# Ag Coimeád An Eoraip Sláintiúil:
## ECDC ag Feidhmiú

www.ecdc.europa.eu

Creidiúintí grianghraif
Gach grianghraf © ECDC, seachas:
Tulchlúdach, lár; l. 2; © CDC. Courtesy of Cynthia Goldsmith;
Jacqueline Katz; Sherif R. Zaki
leathanach 4 © stockxpert.com
leathanach 8, clé © US National Museum of Health and Medicine
leathanach 9 © CDC
leathanach 14, deas © istockphoto.com
leathanach 16, clé © Image Source
leathanach 16, deas © CDC. Courtesy of Dr Edwin P Ewing, Jr

© Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, 2009.

ISBN 978-92-9193-161-3
doi:10.2900/16457

Tá atáirgeadh údaraithe nuair a léirítear an fhoinse. Tá gach grianghraf san fhoilseachán seo faoi chóipcheart agus ní féidir iad a úsáid ar mhaithe le rud ar bith taobh amuigh den fhoilseachán seo gan cead sainráite shealbhóir an chóipchirt.

# **Ag Coimeád An Eoraip Sláintiúil:**
# ECDC ag Feidhmiú

## Clár Ábhar


Réamhrá – Gníomh an AE i gcoinne galair thógálacha ........ 3

Cén bhagairt atá sna galair thógálacha do dhaoine san Eoraip? ........ 4

ECDC ag Feidhmiú ........ 6


Dá dtosódh paindéimeach amárach? ........ 8

Tosaíochtaí straitéiseacha ECDC do 2007-2013 ........ 10

Conas atá ECDC eagraithe ........ 12

Fíricí lárnacha faoi ECDC ........ 14

Liosta de ghalair thógálacha atá infhógartha ar leibhéal an AE ........ 16



*“Baineann ár bhFís le hAontas Eorpach ina mbaineann na saoránaigh uile leas as an gcosaint is fearr ó ghalair thógálacha atá ceadaithe faoi réir na mbeart cosanta agus rialaithe is déanaí”*

***Zsuzsanna Jakab, Stiúrthóir ECDC***



# Réamhrá – Gníomh an AE i gcoinne galair thógálacha

**Ní raibh an domhan riamh chomh idirnasctha agus atá sé sa lá atá inniu ann. Trasnaíonn na mílte daoine agus na tonaí de bhia teorainneacha gach lá. Ar ghnáth-oíche in óstán mór i gcathair Eorpach gheobhaidh tú daoine ó dosaen tíortha nó níos mó fiú. Mar a léirigh SARS in 2003, is féidir le ráigeanna galair tógálach scaipeadh go hidirnáisiúnta ar luasanna na bhfacthas riamh cheana.**

An dea-scéal ná go bhfuil na huirlisí atá ar fáil sa 21ú aois chun ráigeanna galair a aithint agus a chosaint níos fearr ná aon uair eile i gcaitheamh na staire. An dúshlán atá ann ná a chinntiú go mbaintear úsáid as na huirlisí seo chun dea-éifeachta.

Bunaíodh an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) in 2005 chun cosaint na hEorpa a láidriú i gcoinne galair thógálacha. Oibrímid i gcomhar le hInstitiúidí agus Ballstáit an AE chun éascú a dhéanamh ar chomhoibriú, agus chun an bonn fianaise a sholáthar le haghaidh feidhmiú éifeachtach. Baineann ár bhFís le hAontas Eorpach ina mbaineann na saoránaigh uile leas as an gcosaint is fearr ó ghalair thógálacha atá ceadaithe faoi réir na mbeart cosanta agus rialaithe is déanaí.

Mar ghníomhaireacht eolaíoch de chuid an Aontais Eorpaigh, baineann ECDC amach measúnuithe riosca agus soláthraítear fianaise eolaíoch do lucht déanta polasaí náisiúnta agus an AE. Ach, tá ról feidhmíochta "teagmhálach" againn freisin maidir leis an Eoraip a chosaint i gcoinne galair.

I dtéarmaí ár gcuid monatóireachta agus measúnaithe ar bhagairtí don tsláinte daonna, ní bhíonn sé seo á dhéanamh againn agus sinn ag suí inár gcuid oifigí i Stócólm amháin. Ar bhonn rialta bíonn eipidéimeolaithe againn amuigh sa ghort, ag déanamh measúnaithe ar na fíricí ón áit ina bhfuil na himeachtaí ag tarlú. Rinneamar é seo in 2005 agus 2006 nuair a shroich an fliú éanúil H5N1 roinnt codanna den Eoraip, agus arís níos déanaí nuair a tharla ráig den víreas trópaiceach fiabhras chikungunya.

Mar sin féin, cé go ndíríonn cuid dár gcuid oibre ar anailís staidrimh agus eolaíoch, tá ról againn freisin freagairt a thabhairt ar theagmhais a bhfuil tionchar díreach acu ar shláinte na ndaoine. Tugann sé seo freagracht dúinn, agus spreagadh, chun é a fháil i gceart.

In achomair, is í ár bhfeidhm ná chun an Eoraip a choimeád sláintiúil, anois agus sa todhchaí.

Zsuzsanna Jakab
Stiúrthóir ECDC



# Cén bhagairt atá sna galair thógálacha do dhaoine san Eoraip?

Tá galair thógálacha cruthaithe ag miocrorgánaigh – cosúil le baictéir, víris, seadáin, nó fungais – a dhéanann ionsaí ar an gcorp daonna agus a mhéadaíonn laistigh de. Is féidir le miocrorgánaigh tionchar a bheith acu ar dhaoine i roinnt bealaí éagsúla. Is féidir leo a bheith i láthair san aer a bhíonn á análú againn, san uisce a bhíonn á ól againn nó sa bhia a bhíonn á ithe againn. Is féidir le daoine miocrorgánaigh a phiocadh suas ó bheith i dteagmháil le daoine eile, ainmhithe, plandaí nó fiú ón salachar dofheicthe ar nithe a leagann siad lámh orthu.

Tá tíortha an AE i gcoitinne tar éis a bheith an-rathúil maidir le troid i gcoinne galair thógálacha. Tá caighdeáin sláinteachais ard go maith san AE i gcomparáid le roinnt áiteanna eile ar domhan agus tá córais sláinte poiblí mhaithe ag na Ballstáit. Tá feachtais vacsaínithe náisiúnta tar éis galair éagsúla a rialú, agus i roinnt cásanna iad a ruaigeadh ar fad.

Don tromlach den 50 galar nó mar sin a bhailíonn ECDC sonraí orthu, tá rátaí ionfhabhtaithe tar éis titim nó fanacht comhsheasmhach le 10 mbliana anuas. Tarlaíonn formhór na mbásanna i dtíortha an AE de bharr galair neamh-thógálacha cosúil le hailse agus galar croí.

Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an cás mar atá sé inniu ann mar thoradh ar infheistíocht dhian leanúnach ó údaráis sláinte, oibrithe cúraim sláinte, taighdeoirí, agus go leor daoine eile mar iad. Níos lú ná 100 bliain ó shin, bhí ionfhabhtuithe fós mar an príomhmharfóir – go háirithe i measc leanaí agus daoine fásta óga. Mura ndéantar an chosaint atá bunaithe againn a fhorbairt agus a chothú go leanúnach, tiocfaidh na hionfhabhtuithe seo ar ais go tromchúiseach. Fiú sa lá atá inniu ann, níor cheart go mbeadh gannmheas againn ar ghalair thógálacha. Gach bliain i dtíortha an AE, is iad galair thógálacha is cúis leis na céadta mílte básanna, na milliúin laethanta oibre caillte agus pian agus fulaingt na seacht mbás.



## Galair thógálacha – na mórbhagairtí

- Tagann an bhagairt galair is suntasaí san Eoraip ó mhiocrorgánaigh le frithsheasmhacht acu i gcoinne antaibheathaigh. Tá ionfhabhtuithe óna leithéid de bhaictéir ina bhfadhb ollmhór agus ceann atá ag fás go gasta inár n-ospidéil, agus laistigh den phobal níos leithne. Gach bliain, faigheann thart ar cheithre go leith milliún duine san AE ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte, as sin meastar go bhfaigheann suas le 40,000 othar bás mar thoradh díreach.
- Rinneadh tuairisciú ar os cionn 25,000 cás nua de VEID/SEIF i dtíortha an AE i 2006. Ceaptar go bhfuil VEID ar thart ar 700,000 duine a bhfuil cónaí orthu san Aontas Eorpach. Astu seo, níl a fhios ag 30% – thart ar 200,000 – go bhfuil VEID orthu in aon chor.
- Tuairiscíodh nach mór 90,000 cás eitinne (TB) san AE in 2008. Tá cásanna TB ag eascairt i measc grúpaí leochaileacha óga ar nós imircigh agus daoine a bhfuil VEID acu. Táthar ag feiceáil cásanna den TB atá frithsheasmhacht in aghaidh drugaí, atá an-deacair nó fiú dodhéanta ar fad le cóireáil, ar fud an AE.
- Gach geimhreadh, éiríonn na céadta mílte daoine san AE go dona le fliú séasúrach. Astu seo, gheobhaidh na mílte acu bás i ngnáth-shéasúr fliú, go minic gan aon ghá toisc go bhfuil vacsaíní éifeachtacha ar fáil le haghaidh na grúpaí atá i mbaol.
- Oiriúnaíonn agus athraíonn miocrorgánaigh atá go hiomlán nua, leis an toradh gur féidir agus go ndéanann galair nua eascairt astu. Chonacthas é seo le VEID/SEIF sna 1980aidí, Galar Creutzfeldt-Jakob malartach sna 1990aidí agus SARS in 2003.
- D'fhéadfadh athrú aeráide a bheith mar chúis le patrúin nua galair san Eoraip freisin. Tá einceifilíteas sceartán-iompartha feicthe againn ag scaipeadh go codanna éagsúla den Eoraip, agus fiú ráigeanna de ghalair thrópaiceacha ag teacht chun cinn le blianta beaga anuas.



ECDC saineolaithe ar misean allamuigh



ECDC Emergency Operations Centre

# ECDC ag Feidhmiú

## Ag freagairt ar bhagairtí sláinte

Ó na 1990aidí tá tíortha an AE tar éis eolas a roinnt go rialta ar ráigeanna galair leis an gcumas acu chun scaipeadh ar fud na dteorainneacha. Nascann córas teachtaireachta daingin ar a dtugtar Córas Mear-Rabhaidh agus Freagartha an AE (CMRF) údaráis sláinte sna Ballstáit, ECDC agus an Coimisiún Eorpach. Déanann "oifigigh faisnéise eipidéime" de chuid ECDC atá bunaithe inár Lárionad Feidhmíochta Éigeandála monatóireacht ar an gcóras seo 7 lá sa tseachtain, 365 lá sa bhliain. Déanann siad monatóireacht freisin ar eolas ón EDS, páirtithe idirnáisiúnta agus na meáin.

Nuair a aimsítear bagairt déanann ECDC measúnú gasta ar a suntasacht agus roinneann siad a gcuid torthaí leis an gCoimisiún Eorpach agus Ballstáit. Más gá, is féidir le ECDC saineolaithe a chuir chuig an láthair chun imscrúdú a dhéanamh ar na fíricí atá ann.

## Ag bailiú sonraí ag leibhéal an AE ar ghalair thógálacha

Bailíonn ECDC sonraí ó bhall-thíortha maidir le thart ar 50 príomh-ghalar ionfhabhtach (féach leathanach 16 le haghaidh liosta ar na galair seo). Cuireann sé seo ar chumas ECDC pictiúr uile-Eorpach a chuimsiú den mhéid atá ag tarlú le galair thógálacha ar ár mór-roinn, agus chun anailísiú a dhéanamh ar na treochtaí seo i líon na gcásanna á dtuairisciú. Tá sé mar phríomhchuspóir straitéise de chuid ECDC a bheith ag obair le Ballstáit agus leis an gCoimisiún Eorpach chun iontaofacht agus comparáideacht sonraí a fheabhsú ar fud na hEorpa. I láthair na huaire, is minic go léiríonn difríochtaí idir thíortha ó thaobh ráta na gcásanna atá á dtuairisciú le haghaidh galair éagsúla difríochtaí sa chaoi ina mbailítear sonraí seachas difríochtaí sa staid iarbhír.

Táirgeann ECDC Tuarascáil Eipidéimeolaíoch Bhliantúil, a dhéanann tiomsú agus anailís ar shonraí na ngalar uile a chlúdaítear, mar aon le tuairisciú ar staid na ngalar áirithe cosúil le VEID/SEIF agus eitinn.

## Ag soláthar fianaise do ghníomhaíochtaí sláinte poiblí

Mar aon le sonraí ardchaighdeáin a sholáthar do lucht déanta na gcinntí, soláthraíonn ECDC iad le tuairimí eolaíocha neamhspleácha freisin. Chun é seo a dhéanamh tarraingíonn ECDC ar shaineolas a bhaill foirne féin, saineolaithe ó institiúidí sláinte poiblí náisiúnta agus lucht léinn. Is é an gnáthamh chun tuairim a tháirgeadh ná Painéal Eolaíoch ad hoc a bhunú a tháirgfidh tuairim bunaidh, a dhéanfaidh Fóram Comhairleach ECDC a phlé ansin.

Is fada an traidisiún sármhaithis atá ag an Eoraip i ngoirt eolaíocha na bitheolaíochta ionfhabhtuithe agus leigheas na ngalar tógálach cliniciúil. Trí chomhoibriú agus líonrú le heolaithe ceannródaíocha san Eoraip, cumasaíonn ECDC nascadh na feasachta ar shaincheisteanna sláinte poiblí a thrasnaíonn teorainneacha geografacha. Sa bhreis ar sin, tá sí mar aidhm ag gníomhartha reatha an Lárionaid naisc níos dlúithe a chruthú idir eolaíocht agus déanamh polasaí, agus chun luathú a dhéanamh ar fheidhmiú na bhfionnachtana ag an mbinse saotharlainne chuig saincheisteanna sláinte poiblí reatha sa ghort.

# *Eurosurveillance* – iriseán eolaíoch ECDC

Tá *Eurosurveillance,* iriseán eolaíoch Eorpach ceannródaíoch atá tiomanta do eipidéimeolaíocht, faireachas, cosc agus rialú na ngalar tógálacha, foilsithe ag ECDC ó Mhárta 2007. Tá eagráin nua ar fáil ar líne ag **www.eurosurveillance.org,** gach Déardaoin, le nuacht agus cumarsáidí gasta, mar aon le hairteagail taighde doimhne níos faide agus tuarascálacha ráige agus faireachais. Foilsítear formhór na n-airteagal freisin i ndíolaim clóite ráithiúil. Sa bhreis ar sin, uaireanta scaoiltear r-fholáirimh ar imeachtaí nach foláir a chur in iúl go práinneach do léitheoirí le haghaidh gníomhartha sláinte poiblí gasta.

Is iriseán rochtain-oscailte é *Eurosurveillance,* atá saor in aisce do léitheoirí agus scríbhneoirí araon. Faoi láthair tá breis agus 13,000 síntiúsóir leictreonach ag an iriseán, agus clóbhuailtear 6,000 cóip den eagrán páipéir.

## Oiliúint agus Forbairt Inniúlachta

Déanann ECDC comhordú ar an gClár Eorpach i gcomhair Oiliúna Idirghabhála Eipidéimeolaíochta (EPIET), a sholáthraíonn oiliúint agus taithí praiticiúil i lárionaid náisiúnta um fhreagairt agus faireachas galair san AE. Maoinithe ag ECDC agus Ballstáit an AE, tá an clár dírithe ar chleachtóirí leighis, altraí sláinte poiblí, micribhitheolaithe, tréidlianna agus proifisiúnaigh sláinte eile atá ag obair i réimse na heipideimeolaíochta curtha i bhfeidhm i leith saincheisteanna sláinte poiblí. Is í an aidhm atá ann ná líonra Eorpach a fhorbairt d'eipidéimeolaithe idirghabhála, uaidh sin ag láidriú na hinniúlachta freagartha agus faireachais laistigh den Aontas Eorpach agus fiú níos faide i gcéin.


Tugann an ECDC faoi chomhairliúcháin rialta le hoifigigh náisiúnta agus eagraítear modúil oiliúna ghearra dóibh. Cuireann siad seo ar chumas ECDC measúnú a dhéanamh ar inniúlacht sláinte poiblí na mBallstát agus díriú ar phríomh-réimsí ina bhfuil forbairt inniúlachta riachtanach.

## Cumarsáid sláinte: eolas chun gníomhartha a chumasú

Tá sí mar aidhm ag ECDC eolas agus anailís a sholáthar ar féidir gníomhú orthu. Mar sin féin, ní féidir le lucht déanta cinntí sláinte poiblí san AE agus sna Ballstáit dul i mbun gnímh ar shonraí nua nó comhairle nua ach amháin má tá siad ar an eolas go bhfuil a leithéid ann. Dá bharr sin tá sé ríthábhachtach do ECDC ár n-obair eolaíoch a scaipeadh.

Cé gurb iad lucht déanta cinntí agus saineolaithe sláinte poiblí an phríomh-lucht éisteachta sprice atá ag ECDC, tá tionchar ag galair thógálacha ar chách. Tá suim dlisteanach mar sin ag na meáin agus saoránaigh na hEorpa ar céard atá á dhéanamh ag ECDC. Déanann ECDC cumarsáid go réamh-ghníomhach leis an meáin agus dírítear cuid dá fhoilseacháin ar shaoránaigh go díreach freisin.

Mar aon le cumarsáid a dhéanamh ar thorthaí a ghníomhartha, feidhmíonn ECDC mar fhoinse saineolais freisin do Bhallstáit ar an dea-chleachtas i gcumarsáid sláinte agus éascaítear feachtais faisnéise il-tíre. Le linn ráigeanna galair tá ról tábhachtach ag ECDC agus ag an gCoimisiún Eorpach i leith glacadh le soiléireacht i gcumarsáid riosca éigeandála ar fud an AE.



Ospidéal le linn eipidéim an fhliú Spáinnigh i 1918



# Dá dtosódh paindéimeach amárach?

**Cad faoi dá dtiocfadh cineál nua fliú fíor-nimhneach chun cinn agus dá scaipfeadh sé ar fud an domhain? Cén ról a bheadh ag ECDC maidir le muintir na hEorpa a chosaint ón ngalar?**

Is dóchúil go dtiocfadh an paindéimeach chun cinn lasmuigh den Eoraip. D'fhéadfadh sé tarlú freisin nach n-aithneofaí an chéad ráig den ghalar nua mar fliú paindéimeach in aon chor. Is iad **oifigigh faisnéise eipidéime ECDC** a aithneodh an comhartha bunaidh go bhféadfadh paindéimeach a bheith ag tosú, trí thuairiscí sna meáin ón dtír theagmhaithe nó ó roinnt eolais oifigiúil. D'fhéadfadh an t-eolas oifigiúil seo teacht díreach, mar mhionteagasc ó oifigigh sláinte sa tír theagmhaithe, nó ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS).

Is é an tasc a bheadh ag ECDC ná measúnú a dhéanamh ar thromchúiseacht na bagartha don tsláinte san Eoraip. D'fhonn an leasa idirnáisiúnta i bhfliú paindéimeach, bheadh sé riachtanach an measúnú seo a bhaint amach i gcomhar go dlúth leis an EDS agus páirtithe idirnáisiúnta eile.

I gcéimeanna luaithe na ráige bheadh bearnaí móra inár gcuid feasachta faoin víreas nua. Bheadh eolas ag teastáil ó údaráis sláinte maidir le cé chomh gabhálach agus atá an víreas nua (.i. cén céatadán den daonra is dóchúil go n-éireoidh breoite), agus cé chomh dainséarach atá sé (.i. cé chomh dóchúil atá sé go bhfaighidh daoine ionfhabhtaithe bás). Bheadh eolas uathu freisin an bhfuil tionchar ag an víreas ar ghrúpaí daonra áirithe – mar shampla, leanaí agus daoine scothaosta – níos mó ná daoine eile. Tá sé dóchúil go ndéanfadh an EDS tairiscint chun **Foireann Cúnta Ráige** idirnáisiúnta a sheoladh chuig an tír theagmhaithe. Chuirfidh ECDC saineolaithe leis an bhfoireann seo agus – trí mheán na saineolaithe seo – bheadh rochtain ghasta ag údaráis sláinte ar fud na hEorpa ar thorthaí na Foirne Cúnta Ráige.

Tá ECDC tar éis a bheith ag obair go dlúth le Ballstáit chun a **n-ullmhacht** i gcoinne fliú paindéimeach a fhorbairt. Sa chás go dtarlódh paindéimeach, d'fheidhmeodh Ballstáit a gcuid pleananna ullmhachta.

Bheadh ról ag ECDC le linn na paindéime i leith sonraí **faireachais** ag leibhéal na hEorpa a bhailiú ar scaipeadh an ghalair ar fud ár mór-roinne. Táthar tar éis córais a fhorbairt chun a leithéid d'fhaireachas a sholáthar roimh ré agus iad tógtha ar na córais feasachta reatha maidir le fliú séasúrach san Eoraip.

# Ag freagairt ar an mbagairt atá ag teacht chun cinn: Fiabhras Chikungunya san Eoraip

Is fiabhras corrmhíol-iompartha é Chikungunya a mbíonn fiabhras ard agus pianta ailt ann dá bharr. Cé gur annamh gur bagrach don bheatha é, is galar doilbhir é agus is féidir leis scaipeadh go gasta chomh luath agus a bhunaíonn sé é féin i ndaonra corrmhíl áitiúil. I ngeimhreadh na bliana 2005-2006, bhí ráig mhór de chikungunya ar oileán La Réunion san Aigéan Indiach. Thug ECDC saineolaithe ceannródaíocha le chéile chun measúnú a dhéanamh ar cibé an raibh baol ann go scaipfeadh Fiabhras chikungunya chuig an Eoraip nó nach raibh. D'aithin na saineolaithe roinnt mhaith réigiún san Eoraip ina raibh sé ar chumas na corrmhíolta an víreas a iompar. De bharr an méid suntasach taistil idir an Eoraip agus réigiún an Aigéin Indiaigh d'áitigh siad gur mhór an riosca a bhí ann de ráig san Eoraip.



Tar éis an mheasúnaithe seo, chuidigh ECDC agus an Coimisiún Eorpach le Ballstáit i roinnt na feasachta agus láidriú na hullmhachta i gcoinne chikungunya.

I samhradh na bliana 2007 tharla an chéad ráig den víreas chikungunya san Eoraip i réigiún Ravenna in Oirthuaisceart na hIodáile. Mar thoradh ar an infheistíocht a rinneadh ó thaobh ullmhachta de, bhí oifigigh sláinte poiblí ar an eolas faoin mbagairt de chikungunya agus bhí na hacmhainní acu chun tástáil don víreas. Aithníodh an ráig go luath agus coinníodh go rathúil é. In ainneoin sin, dhearbhaigh an eachtra gur bhagairt é chikungunya nach mór don Eoraip aird tromchúiseach a thabhairt air. Thug chomh-fhoireann ECDC/EDS athchuairt ar réigiún Ravenna i gcaitheamh na ráige, agus rinne siad chomh-mheasúnú ar na himpleachtaí do thíortha na hEorpa.

Sholáthródh ECDC eolas gasta ar an staid forbartha trína shuíomh idirlín agus a chuid foilseacháin eolaíocha. D'oibreodh ECDC i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, Ballstáit agus na príomh-pháirtithe eile chun glacadh le **soiléireacht i gcumarsáid riosca** faoin bpaindéim.

I gcaitheamh na paindéime d'oibreodh ECDC freisin leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún Eorpach chun **measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht** na mbeart rialaithe atáthar ag glacadh leo. D'oibreodh ECDC chun éascú a dhéanamh ar nascadh na feasachta eolaíoch agus roinnt na taithí ar céard a oibríonn ó thaobh comhrac na paindéime de.



Comhdháil ESCAIDE 2007, Stócólm


Zsuzsanna Jakab ag Parlaimint na hEorpa

# Tosaíochtaí straitéiseacha ECDC do 2007-2013

**Déanann Clár Il-Bhliantúil Straitéise ECDC do 2007-2013 anailís ar na dúshláin a chruthóidh galair thógálacha don Eoraip sna blianta atá le teacht agus sainmhíníonn sé ról ECDC i gcabhrú le Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin.**

I measc na bpríomh-dhúshlán ó thaobh aghaidh a thabhairt ar láidriú an chórais sláinte poiblí san AE áirítear:

- Feabhsú ar chaighdeán agus comparáideacht sonraí faireachais galair ag leibhéal an AE. Is minic go mbíonn difríochtaí sna teagmhais ghalair a chuirtear i láthair mar thoradh ar dhifríochtaí i dtuairisciú seachas difríochtaí sa staid "sa domhain iarbhír".
- Driogadh a dhéanamh ar an bhfeasacht eolaíocht bailithe san AE go comhairle sláinte poiblí fianaise-bhunaithe ar féidir le Ballstáit agus a gcuid saoránaigh gníomhú uirthi.
- An córas ceart a bheith i bhfeidhm chun teacht chun cinn na ngalar nua a aithint ar dtús, agus ansin freagairt a thabhairt orthu.
- Is tasc lárnach é don ECDC freastal ar na dúshláin chórasacha seo. Soláthraíonn ár gClár Il-Bhliantúil Straitéise creatlach chun é seo a dhéanamh.



*Bord Bainistíochta ECDC*

# Spriocanna do 2013

Faoin mbliain 2013:

**Sprioc 1:** Beidh páirt shuntasach glactha ag ECDC ag cur le bonn feasachta eolaíoch na ngalar tógálach agus a gcuid iarmhairtí sláinte, do dhaoine aonair agus don sochaí i gcoitinne araon.

**Sprioc 2:** Tá ECDC mar an pointe fócais lárnach d'fhaireachas galair tógálach san AE agus pointe tagartha údarásach chun córais faireachais a láidriú sna Ballstáit.

**Sprioc 3:** Clú ECDC as ucht ceannaireacht agus sármhaitheas eolaíoch bunaithe go dlúth i measc a chuid páirtithe, agus is é ECDC an phríomh-acmhainn le haghaidh comhairle agus eolas sainiúil ar ghalair thógálacha.

**Sprioc 4:** Is é an ECDC an pointe tacaithe tagartha san AE le haghaidh aithint, measúnú, imscrúdú agus freagairt chomhordaithe ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn ó ghalair thógálacha.

**Sprioc 5:** Is é an ECDC an príomh-ionad tacaithe tagartha san AE le haghaidh láidriú agus forbairt na hinniúlachta trí oiliúint do chosc agus rialú na ngalar tógálacha.

**Sprioc 6:** Is í obair cumarsáide ECDC an phríomh-fhoinse Eorpach d'eolas teicniúil agus eolaíoch neamhspleách agus údarásach ina ghort siúd, agus is é an ECDC an pointe tacaithe tagartha san AE le haghaidh cumarsáid riosca.

**Sprioc 7:** Tá clár comhoibrithe struchtúrtha na ngalar tógálacha ag ECDC leis na príomh-pháirtithe uile.



*ECDC Fóram Comhairleach*

# Conas atá ECDC eagraithe

**Tá struchtúr an Lárionaid bunaithe ar phríomh fheidhmeanna. Tá ceithre aonad teicniúla ann faoi láthair (Comhairle Eolaíoch, Faireachas, Ullmhacht agus Freagra agus Cumarsáid Sláinte), atá tacaithe ag aonad do Sheirbhísí Riaracháin. Luíonn an fhreagracht do cheannaireacht, bhainistíocht agus comhordú foriomlán chomh maith le caidrimh eachtraigh le Comh-aireacht an Stiúrthóra. Téann na gníomhaíochtaí sain-ghalair trasna na ceithre aonaid teicniúla: Tá sé chlár dá leithéid seo bunaithe ag ECDC go dtí seo: Ionfhabhtuithe na conaire riospráide; ionfhabhtuithe a scaiptear trí ghnéas lena n-áirítear VEID agus víris a iompraítear sa bhfuil; galair ar féidir a chosc le vacsaín; Frithsheasmhacht Frithmhiocróbach agus ionfhabhtuithe atá bainteach le cúram sláinte; Galair agus zónóisí a iompraítear i mbia agus in uisce; agus Galair atá ag teacht chun cinn agus a iompraítear i veicteoirí.**

## Comhlachais Rialachais an Lárionaid

Is Gníomhaireacht neamhspleách de chuid an AE atá in ECDC agus tuairiscíonn sé do **Bhord Bainistíochta** a mbíonn a bhaill á gceapadh ag na Ballstáit, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach. Ceapann an Bord Bainistíochta Stiúrthóir ECDC agus bíonn sé/sí freagrach as ceannaireacht agus bainistíocht an Lárionaid. Ní mór dó cinntiú chomh maith go gcomhlíonann an Lárionad a mhisean agus tascanna i gcomhréir leis an Rialachán Bunaidh. Déanann an Bord Bainistíochta formheas agus monatóireacht ar fhorfheidhmiú chlár oibre agus buiséad ECDC, uchtaíonn sé a thuarascáil agus cuntais bhliantúil – ar an iomlán feidhmíonn sé mar Chomhlachas Rialachais an Lárionaid. Tagann sé le chéile dhá uair sa bhliain ar a laghad.

Tugann **an Fóram Comhairleach** comhairle do Stiúrthóir an Lárionaid maidir le caighdeán na hoibre eolaíche atá ar bun ag ECDC. Tá sé comhdhéanta as ionadaithe sinsearacha institiúidí agus gníomhaireachtaí sláinte poiblí náisiúnta, arna n-ainmniú ag na Ballstáit ar bhun-ús a gcuid inniúlachta eolaíoch, agus oifigeach sláinte pobail ón gCoimisiún Eorpach. Is féidir le cumainn



*Foireann ECDC*

eolaíocha agus grúpaí sochaí sibhialta na hEorpa breathnóirí a chuir chuig an bhFóram Comhairleach freisin. Tugann stiúrthóir ECDC cuireadh don WHO freastal ar na cruinnithe chun sineirgíocht a chinntiú idir a cuid oibre eolaíoch agus obair ECDC. Chomh maith le comhairle a chur ar ECDC, feidhmíonn an Fóram Comhairleach mar chainéal um malartú eolais agus comhthiomsú eolais sláinte idir Ballstáit. Tionólann an Fóram Comhairleach ceithre huaire sa bhliain ar a laghad.

Is coiste comhairleach don Stiúrthóir é an **Coiste Feidhmiúcháin Bhainistíochta (CFB)** agus tionólann sé gach seachtain. Comhdhéanta de na bainisteoirí sinsearacha in ECDC, is é an CFB an phríomh fhóram le haghaidh polasaí, pleanáil straitéiseach agus forbairt na gclár, ach chomh maith leis sin, feidhmíonn sé mar fhóram do chomhairliúcháin agus comhordú gníomhaíochtaí laethúla an Lárionaid, lena n-áirítear leanúint na bpleananna buiséid agus oibre.

Is institiúidí nó comhlachtaí eolaíocha iad **Comhlachtaí Inniúla** ECDC a chuireann comhairle nó cumas gnímh eolaíoch agus teicniúil neamhspleách ar fáil i réimse coisc agus rialú galair daonna. Ceapadh iad ag rialtais na mBallstát.

Cuireann siad tacaíocht ar fáil do ECDC, agus ag an am céanna comhoibríonn ECDC leo ina chuid misin go léir, go háirithe ar obair ullmhúcháin do tuairimí eolaíocha, cúnamh eolaíoch agus teicniúil, bailiú sonraí, bacainní sláinte atá ag teacht chun cinn a aithint agus i bhfeachtais eolais phoiblí.





# Fíricí lárnacha faoi ECDC

| | |
|---|---|
| Ag feidhmiú ó: | **Bealtaine 2005** |
| Suíomh na gníomhaireachta: | **Stócólm, An tSualainn** |
| Stiúrthóir: | **Zsuzsanna Jakab** |
| Ballstáit: | **AE-27 móide tíortha an LEE/CSE (féach liosta thíos)** |
| Rialachán Bunaidh: | **Parlaimint agus Comhairle na hEorpa Rialachán CE/851/2004** |
| Buiséad: | **€ 41.1 milliún i 2008.** |
| Na chéad chéimeanna eile | **Tiocfaidh fás ar bhuiséad ECDC go dtí os cionn €56 milliún faoi 2010 agus ar a fhoireann go 350 nó mar sin faoina shainordú reatha (.i. galair thógálacha amháin)** |

## Misean ECDC

Sainmhíníonn Rialachán Bunaidh ECDC an misean, na tascanna agus na modhanna feidhmíochta de chuid ECDC. Is féidir iad seo a achoimriú mar seo a leanas:

- Ba cheart do ECDC díriú ar ghalair thógálacha agus ráigeanna de bhunús anaithnid.
- Ba cheart go mbeadh ECDC mar lárionad réamh-ghníomhach na sármhaitheasa maidir le faisnéis agus feasacht eolaíoch ar ghnéithe uile na ngalar tógálacha
- Ba cheart go bheadh ECDC mar ghníomhaire an athraithe, trí thacú go gníomhach le córas iomlán an AE agus a Bhallstáit ina gcuid iarrachtaí chun feabhas a chur ar chosc agus rialú na ngalar tógálacha

# Tuilleadh eolais faoi ECDC

## Suíomh Idirlín

Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi ECDC agus a chuid gníomhartha ar ár suíomh idirlín: Anseo mar shampla gheobhaidh tú eolas mionsonrach ar na príomh-ghalair thógálacha a dhéanann ECDC monatóireacht orthu, naisc le heagraíochtaí ábhartha (m.sh. comhlachais faireachais AE agus náisiúnta), cartlann nuachta agus eolas ar imeachtaí le teacht. **www.ecdc.europa.eu**

## Eurosurveillance

Táirgeann ECDC iriseán eolaíoch seachtainiúil ar líne ar a dtugtar *Eurosurveillance*. Bunaithe i 1995, tá *Eurosurveillance* mar an iriseán ceannródaíoch ar ghalair thógálacha san Eoraip. Is iriseán rochtain-oscailte é agus áirítear r-fholáirimh agus Fotha RSS. **www.eurosurveillance.org**

# Ballstáit

Tá líonra ECDC cuimsithe de na ballstáit seo a leanas:

## An 27 Ballstáit de chuid an AE:


An Bheilg, An Bhulgáir, An Chipir, An Danmhairg, An Eastóin, Éire, An Fhionlainn, An Fhrainc, An Ghearmáin, An Ghréig, An Iodáil, An Ísiltír, An Laitvia, An Liotuáin, Lucsamburg, Málta, An Ostair, An Pholainn, An Phortaingéil, Poblacht na Seice, An Ríocht Aontaithe, An Rómáin, An Spáinn, An tSlóvaic, An tSlóivéin, An tSualainn, An Ungáir.

## Tíortha an LEE/CSE:

An Iorua, An Íoslainn, Lichtinstéin.

## Tíortha eile i gcomharsanacht an AE:


Tá ECDC tar éis tosú ag tabhairt páirt do thrí Thíortha Iarrthóra – An Chróit, Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine agus An Tuirc – ina chuid oibre. Tá seans ann freisin go n-éireoidh tíortha eile i gcomharsanacht an AE páirteach in obair ECDC. Tá idirbheartaíochtaí ar siúl i láthair na huaire idir an Eilvéis agus an AE maidir le rannpháirteachas Eilvéisigh in ECDC.




## Foilseacháin ECDC

Táirgeann ECDC réimse foilseachán atá dírithe ar shain-eolaithe agus ar an bpobal araon. Ní táirgtear na foil-seacháin eolaíocha ach i mBéarla amháin cé go dtáirgtear na foilseacháin atá dírithe ar an bpobal i gcoitinne sa 23 teanga oifigiúil de chuid an AE i dteannta le hÍoslainnis agus Ioruais.

Táirgeann ECDC nuachtlitir ráithiúil ar a chuid gníomh-artha ar a dtugtar *ECDC Insight,* mar aon le mionteagaisc ráithiúla ghairid do lucht déanta polasaí ar ábhair eolaío-cha *(ECDC Executive Science Update)*.





*Histeapaiteolaíocht na heitinne, inmheitriam*

# Liosta de ghalair thógálacha atá infhógartha ar leibhéal an AE

## Ionfhabhtuithe conair riospráide

Fliú, eitinn, legionellosis.

## Galair Ghnéas-Tarchurtha, lena n-áirítear VEID agus víris fuil-iompartha

Clamaidia, ionfhabhtuithe gonococcal, heipitíteas B, heipitíteas C, VEID agus gallbholgach.

## Galair a iompraítear i mbia & in uisce agus zóinóisí

Campylobacteriosis, cryptosporidiosis, inonfhabhtú le enterohaemorrhagic Escherichia coli (EHEC), ionfhabhtú noraivíris, salmanóis, heipitíteas A agus E, listéaróis, botalas, brúsalóis, galar Creutzfeldt-Jakob agus cineálacha eile einceifileapaite spúinseach in-tarchurtha (TSE), sigealóis, tocsaplasmóis, tricíonóis agus yersiniosis, antrasc, calar, tularaemia, echinococcosis, giardiasis, leiptispioróis.

## Galair ag teacht chun cinn agus veicteoir-iompartha

Maláire, Fiabhras-Q, chikungunya, fiabhrais hanta, dengue agus bhuí, fiabhras na Níle Thiar, borreliosis, einceifilíteas sceartán-iompartha (TBE), plá, géarshiondróm trom riosparáide (SARS), bolgach, fiabhrais fuilreatha víreasach, galair eile/galair atá ag teacht chun cinn le cúis anaithnid acu.

## Galair ar féidir a chosc le vacsaín

Haemophilus influenza cineál B, bruitíneach, galar meiningeacocúil, plucamas, triuch, bruitíneach dhearg, ionfhabhtuithe pneumococcal (ionrach), diftéire, teiteanas, polaimialíteas, confadh, ionfhabhtú rótaivíris, varicella, HPV.

## Frithsheasmhacht frithmhicróbach agus ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte

Ionfhabhtuithe Noscomial, Patagain frithsheasmhachta frithmhicróbach.

Conas teacht ar fhoilseacháin de chuid an AE

Tá fhoilseacháin den Oifig Foilseacháin ar gá airgead a thabhairt orthu ar fáil Ó Shiopa Leabhar an AE (http://bookshop.europa.eu), suíomh inar féidir leat ordÚ a dhéanamh le pé oifig díolacháin is mian leat.

Is féidir liosta den ár lionra d'oibrítheoiri díolacháin ar fud an domhain a iarraidh tri facs a chur chuig +352 2929-42758

ISBN 978-92-9193-161-3

**Conas teagmháil le ECDC**

Seoladh cuairte: Tomtebodavägen 11 A
17183 Stócólm, An tSualainn
Fón: +46 8 5860 1000
Facs: +46 8 5860 1001
Suíomh Idirlín: http://www.ecdc.europa.eu
R-phost: info@ecdc.europa.eu

Seoladh poist:
ECDC – An Lárionad Eorpach um
Ghalair a Chosc agus a Rialú
171 83 Stócólm, An tSualainn

Oifig Foilseachán

TQ-30-08-669-GA-C

Tá an bróisiúr ar fáil sna teangacha seo a leanas:

Béarla, Danmhairgis, Eastóinis, Fionlainnis, Fraincis, Gaeilge, Gearmáinis, Gréigis, Iodáilis, Ioruais, Íoslainnis, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Ollainnis, Polainnis, Portaingéilis, Seicis, Slóivéinis, Slóvacais, Spáinnis, Sualainnis, Ungáiris